NAHÚM

Teideal

1 Oracal i dtaobh Nínivé. Leabhar fhís Nahúm, an tEalcóiseach.

Réamhrá

Fearg an Tiarna

2 Dia éadmhar díoltasach is ea an Tiarna;
tá an Tiarna díoltasach agus lán feirge;
Is ar a eascairde a imríonn an Tiarna díoltas;
is dá naimhde a choinníonn sé a chuid feirge i dtaisce.
3 Cinnte tá an Tiarna mall chun feirge
agus is mór í a chumhacht;
Go deimhin ní fhágann sé an drochdhuine gan phionós.
Déanann sé a bhealach trí iomghaoth agus stoirm;
is iad na néalta an deannach a chuireann a chosa san aer.

4 Tugann sé iomardú don fharraige
agus cuireann sé i ndísc í;
triomaíonn sé na haibhneacha go léir.
Tá Báiseán agus Cairmeil ag meathlú
agus fásra na Liobáine ag feo.
5 Tá na sléibhte ar crith roimhe
agus na cnoic á leá.
Ina láthairsean scriostar an talamh agus an domhan,
agus gach duine dá gcónaíonn ann,
6 Cé a fhéadann seasamh in aghaidh a chuthaigh?
Cé a fhéadann a theasaíocht a fhulaingt?
Bladhmann a chuid feirge amach mar thine,
agus scoiltear na carraigeacha os a chomhair.
7 Is maith é an Tiarna;
dún daingean is ea é lá na buartha.
8 Is aithnid dó na daoine a théann ar a choimirce
nuair a thagann an díle.
Ach díothóidh sé na daoine a éiríonn ina choinne
agus rachaidh sé sa tóir ar a naimhde
isteach sa dorchadas.

Oracail i dtaobh lúdá agus Nínivé

9 Cén chomhcheilg atá á beartú agaibh
ín aghaidh an Tiarna?
Eisean a t-ollscriostóir.
Tá deireadh leis an ansmacht go deo.
10 Ídeofar iad mar sceacha aimhréiteacha,
mar choinleach tirim, go hiomlán.
11 Asatsa a tháinig an bithiúnach de chealgaire
a bheartaigh olc in aghaidh an Tiarna.
12 Deir an Tiarna é seo: “Dá fheabhas agus dá líonmhaire iad,
coscrófar agus dísceofar iad.
Cé gur smachtaigh mé thú cheana,
ní dhéanfaidh mé amhlaidh níos mó.
13 Brisfidh mé díot anois
an chuing a leag sé ort
agus réabfaidh mé do chuibhreacha ó chéile.”
14 Tá an t-ordú seo tugtha ag an Tiarna i do thaobh:
“Ní bheidh sliocht ort
a dtabharfar d’ainm orthu feasta;
tógfaidh mé na híomhánna greanta agus na dealbha teilgthe
chun siúil as teampall do dhéithe;

ullmhóidh mé uaigh duit,
mar is suarach an duine thú.”

2 Féach, tá teachtaire ag brostú thar dhroim na sléibhte
agus é ag fógairt na síochána.
Céiliúir do chuid féilte, a Iúdá;
comhlíon do mhóideanna.
Óir ní ghluaisfidh an bithiúnach tríot arís
mar tá sé scriosta go hiomlán.
[2] Tá millteoir ag teacht i do choinne,
Cuir an dún faoi chosaint;
déan faire ghéar ar an mbóthar;
cóirigh thú féin chun catha;
cruinnigh do neart go léir.
[3] Tá an Tiarna ag athbheochan niamhracht Iacóib
agus niamhracht Iosrael chomh maith
d’ainneoin gur scrios na scriostóirí iad
agus gur mhill siad a gcraobhacha.

Cinniúint Nínivé

Scartáil Nínivé

4 Tá sciatha a laochra dearg
agus tá a shaighdiúirí faoi éide chraorag.
Tá cruach na gcarbad ag spréacharnach mar thine
agus iad á gcur in eagar catha;
tá flosc chun troda ar an eachra.
5 Gluaiseann na carbaid go fraochta trí na sráideanna;
ropann siad ó áit go háit sna cearnóga.
Is cosúil le tóirsí iad
agus iad ag rith anonn agus anall
mar splancacha tintrí.
6 Glaonn sé ar a chuid oifigeach;
imeacht tuisleach atá fúthu
agus iad ar a slí chuige.
Réabann siad chun cinn
in aghaidh an bhalla;
cheana féin tá an sceallbholg
suite go daingean ina áit.

7 Tá na geataí chun na n-aibhneacha ar oscailt
agus gach duine dá bhfuil sa phálás
imithe chun scaoill.
8 Ardaítear an dealbh chun siúil
chun í a thabhairt go tír iasachta;
tá a cuid banóglach
ag ligean osnaí uathu mar chorracú colm
agus ag bualadh a n-ucht le teann díomá.
9 Is cuma Nínivé nó taiscumar
a bhfuil an t-uisce ag rith as.
“Stadaigí, stadaigí!”
Ach ní chasann duine ná deoraí ar ais.
10 “Sladaigí an t-airgead!
Sladaigí an t-ór!”
Tá saibhreas gan áireamh ann,
flúirse den uile shaghas maoine.
11 Slad, creachadh, léirscrios!
Croíthe á leá le heagla!
Glúine ag bualadh le chéile!
Áranna ar aon bharr amháin creatha!
Aghaidheanna ar dhath an bháis!

Bagairt ar Leon na hAsaíre

12 Cá bhfuil pluais na leon,
uachais na leon óg?
Nuair a d'imíodh an leon amach,
d'fhanadh an leon baineann
agus na coileáin istigh
agus ní chuirfí isteach orthu,
13 Stróiceadh an leon go leor creiche dá choileáin
agus thachtadh sé a sáith di dá leoin bhaineanna.
Líonadh sé a uaimheanna lena chreach,
agus a phluaiseanna le conablaigh stróicthe.
14 Féach, táimse i d'aghaidh,
a deir Tiarna na Slua.
Cuirfidh mé do charbaid trí thine
agus ídeoidh an claíomh do leoin óga.
Cuirfidh mé críoch
le do chuid creachadóireachta sa tír
agus ní chloisfear glór do theachtairí níos mó.

Bagairt ar Nínivé

3 Is mairg do chathair na fola,
atá lomlán de chamastaíl agus líonta le creach
agus nach bhfuil teorainn leis an slad
a dhéanann sí,
2 Bloscadh fuipeanna, tormáil rothaí,
capaill ar cosa in airde, carbaid ar léim lúith!
3 Eachra ag ionsaí, claimhte ag bladhmadh,
sleánna ag drithliú …
sluaite gonta, na mílte marbh,
coirp gan áireamh
a bhaineann tuisle as cách!
4 De dheasca oll-líon na ngníomhartha striapachais
a rinne an striapach ghrástúil sciamhach,
atá oilte ar orthanna draíochta,
agus a chuir daoirse ar na náisiúin
lena cuid striapachais
agus ar chiníocha lena horthanna draíochta,
5 féach, táimse i d’aghaidh,
a deir Tiarna na Slua.
Tógfaidh mé suas do sciortaí

chomh hard le d’aghaidh
agus taispeánfaidh mé
do nochtacht do na náisiúin
agus do náire do na ríochtaí.
6 Caithfidh mé cac ort,
náireoidh mé thú
agus déanfaidh mé seó bóthair díot.
7 Agus gach uile dhuine a bhreathnóidh ort,
teithfidh sé uait, á rá:
“Tá Nínivé léirscriosta!”
Cé a chaoinfidh í?
Cad as a bhfaighidh mé sólásaithe di?

Sampla na Teibhe

8 An bhfuil tusa níos fearr ná an Teibh,
cathair a bhí suite ar bhruach na hAbhann?
(Bhí uiscí ina timpeall)
Bhí an fharraige aici mar urbhalla
agus na huiscí mar bhábhún.
9 B’iad an Aetóip agus an Éigipt a neart.
(Ní raibh aon teorainneacha aici.)

B’iad Pút agus an Libe a comhghuaillithe.
10 Ach ina dhiaidh sin féin
tugadh chun siuíl í;
d’imigh sí léi i mbraighdeanas;
rinneadh deargár ar a páistí chomh maith
ag cúinní na sráideanna uile;
cuireadh a daoine uaisle ar chrainn
agus ceanglaíodh a fir cháiliúla le slabhraí.
11 Cuirfear thusa ar meisce freisin
agus beidh tú ar mearbhall céille.
Caithfidh tusa tearmann a lorg
ón namhaid chomh maith.

Ní Tairbhe Cóir Chosanta

12 Tá do dhúnta go léir cosúil le crainn fígí
atá ag tabhairt fígí luatha uathu;
má chroitear iad titfidh na torthaí
isteach i mbéal an alpaire.
13 Féach ar do thrupaí,
níl iontu ach mná.

Tá geataí do thíre
ar dianleathadh roimh do naimhde,
agus do bharraí comhla loiscthe ag tine.
14 Tarraing uisce le haghaidh an léigir;
neartaigh do dhúnta;
satail ar an láib;
pasáil an chré;
beir greim ar an múnla brící.
15 Ansin loiscfidh an tine thú;
ciorróidh an claíomh thú;
(ídeoidh sé thú mar a dhéanfadh an lócaiste).
Déan thú féin chomh líonmhar leis an lócaiste;
déan thú féin chomh hiomadúil leis an dreoilín teaspaigh.
16a Cuir le do chuid trádálaithe
chun go mba líonmhaire iad ná réaltaí neimhe;
17a bíodh do chosantóirí mar dhreoilíní teaspaigh
agus do scríobhaithe chomh tiubh le saithe feithidí,
a thuirlingíonn ar na ballaí lá fuar.
Ach nuair a éiríonn an ghrian,
16b leathann na lócaistí a sciatháin
agus eitlíonn siad leo;

[17b] imíonn siad as radharc
agus ní bhíonn a fhios ag aon duine
cá mbíonn siad.

Caoineadh

[18] Faraor! Cad é mar a chodlaíonn do chuid aoirí,
(a rí na hAsaíre)!
Cad é mar atá do laochra
i dtoirchim suain!
Tá do mhuintir scaipthe ar na sléibhte
agus níl aon duine ann chun iad a chruinniú arís.
[19] Níl aon legheas ar do lot;
is marfach í do chneá.
An uile dhuine a chloiseann do scéal,
buaileann sé bosa mar gheall ort.
Óir cé air nár luigh
do dhanarthacht gan staonadh?